# Comhaontú Seirbhíse maidir le hoiliúint sa Ghaeilge agus measúnú ar inniúlacht sa Ghaeilge a sholáthar chuig Ranna / Oifigí státseirbhíse

**idir**

**An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe**

**agus**

**An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta**

## 1. Léargas Ginearálta ar an gComhaontú

Is Comhaontú Seirbhíse (CS) é an doiciméad seo idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (REOG) le haghaidh seirbhísí oiliúna agus tástáil ar inniúlacht sa Ghaeilge a sholáthar do Ranna / Oifigí Rialtais na státseirbhíse agus eagraíochtaí áirithe sa tseirbhís phoiblí.

Is é an aidhm leis an CS seo ná cumas foirne sa státseirbhís agus in eagraíochtaí áirithe sa tseirbhís phoiblí na dualgais agus riachtanais faoin reachtaíocht, lena n-áirítear Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, i ndáil leis an Ghaeilge a chomhlíonadh, agus córas tástála creidiúnaithe ar inniúlacht do státseirbhísigh a sholáthar. Chomh maith leis sin, tacaíonn an CS le sainordú na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta i leith na seirbhíse poiblí i gcoitinne mar atá sé leagtha amach sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.

Leagtar amach sa Chomhaontú seo raon na seirbhísí atá le soláthar mar a thuigtear iad sa dá Roinn. Ní thagann an Comhaontú seo in áit ról beartais RCPA i leith na Gaeilge agus státseirbhísigh, mar atá luaite i dTuarascálacha Comhaontaithe ábhartha an Ardchomhairle. Déanfaidh an dá Roinn an Comhaontú seo a athbhreithniú go tréimhsiúil lena chinntiú go leanann sé air ag comhlíonadh na cuspóirí atá sonraithe ann.

## 2. Comhaontú Seirbhíse

<u>An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta</u>

Tá freagracht ag REOG as na riachtanais seirbhíse seo a leanas mar chuid dá tacaíocht leanúnach don Chomhaontú seo:

***Oiliúint sa Ghaeilge***

- teagmháil le Ranna & Oifigí Rialtais chun éileamh ar oiliúint a mheas;
- aon chleachtais soláthair a dhéanamh a bhaineann le cúrsaí oiliúna a chur ar fáil;
- cinntiú go gcuirfear cláir oiliúna Gaeilge ar fáil a bheidh dóthanach chun riachtanais eagraíochtúla a chomhlíonadh. D'fhéadfadh go n-éileofar le múnlaí soláthair seirbhíse

acmhainní inmheánacha de chuid REOG, acmhainní de chuid na bhforas a fheidhmíonn faoi choimirce REOG nó acmhainní a thiocfaidh chun cinn tar éis chleachtas soláthair;

- cláir oiliúna arna soláthar ag soláthróirí seirbhíse a luacháil, lena chinntiú, inter alia, go bhfuil siad ag teacht leis na caighdeáin fhorordaithe;
- sonraí oiliúna a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear Ionad na Seirbhísí Comhroinnte AD (PeoplePoint) agus REOG, de réir mar is gá;
- déileáil le comhfhreagras, lena n-áirítear Ceisteanna Dála agus Uiríll Aireachta, maidir le gnéithe riaracháin na gclár oiliúna;
- teagmháil le soláthróirí seirbhíse lena chinntiú go gcomhlíonann siad na riachtanais seo a leanas faoi chonarthaí atá le haontú leo:
  - cláir oiliúna Gaeilge a cheapadh agus a fhorbairt a thagann leis na caighdeáin fhorordaithe;
  - sceidil do chúrsaí a dhréachtú agus a fhoilsiú;
  - áiseanna oiliúna a chur ar fáil;
  - gach cúrsa a riar, lena n-áirítear sceidil a fhógairt, iarratais a phróiseáil agus sonraisc a phróiseáil.

***Tástáil ar Inniúlacht sa Ghaeilge***

- teagmháil le Ranna & Oifigí Rialtais chun éileamh ar thástáil inniúlachta Gaeilge a mheas;
- aon chleachtais soláthair a dhéanamh a bhaineann le soláthar thástáil inniúlachta;
- cinntiú go gcuirfear tástáil inniúlachta Gaeilge ar fáil a bheidh dóthanach chun riachtanais eagraíochtúla a chomhlíonadh. D'fhéadfadh go n-éileofar le múnlaí soláthair seirbhíse acmhainní inmheánacha de chuid REOG, acmhainní de chuid na bhforas a fheidhmíonn faoi choimirce REOG nó acmhainní a thiocfaidh chun cinn tar éis chleachtas soláthair;
- tástáil inniúlachta arna soláthar ag soláthróirí seirbhíse a luacháil, lena chinntiú, inter alia, go bhfuil siad ag teacht leis na caighdeáin fhorordaithe;
- sonraí tástála inniúlachta a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear Ionad na Seirbhísí Comhroinnte AD (PeoplePoint) agus REOG, de réir mar is gá;

- déileáil le comhfhreagras, lena n-áirítear Ceisteanna Dála agus Uiríll Aireachta, maidir le gnéithe riaracháin na tástála inniúlachta;
- teagmháil le soláthróirí seirbhíse lena chinntiú go gcomhlíonann siad na riachtanais seo a leanas faoi chonarthaí atá le haontú leo:
    - cláir tástála inniúlachta a cheapadh agus a fhorbairt a thagann leis na caighdeáin fhorordaithe;
    - sceidil do thástáil inniúlachta a dhréachtú agus a fhoilsiú;
    - áiseanna le haghaidh tástála inniúlachta a chur ar fáil;
    - an tástáil inniúlachta uile a riar, lena n-áirítear sceidil a fhógairt, iarratais a phróiseáil agus sonraisc a phróiseáil.

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Tá freagracht ag RCPA as na riachtanais seirbhíse seo a leanas mar chuid dá tacaíocht leanúnach leis an gComhaontú seo:

- an fhreagracht uileghabhálach as polasaí oiliúna agus measúnachta Gaeilge sa státseirbhís a choinneáil;
- gach ciorclán ábhartha i leith pholasaí oiliúna agus measúnachta Gaeilge a nuashonrú agus a eisiúint;
- déileáil le comhfhreagras, lena n-áirítear Ceisteanna Dála agus Uiríll Aireachta, maidir le gnéithe beartais sheirbhísí oiliúna agus measúnachta Gaeilge; agus
- déileáil le haon impleachtaí reachtúla a eascróidh ón gcomhaontú seo.

## 3. Socruithe Airgeadais

Éileofar ar gach Roinn / Oifig nó comhlacht bainteach sa tseirbhís phoiblí a bhaineann leas as na seirbhísí Oiliúna Gaeilge agus Measúnachta ar Inniúlacht na seirbhísí sin a mhaoiniú agus íocaíocht dóibh a eagrú go leithligh i gcásanna ina bhfuil siad á gcoimisiúnú ó sholáthraí tríú páirtí.

## 4 Acmhainniú

Déanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar riachtanais sheachfhoinsithe na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta d'fhonn cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Seirbhíse seo a chinntiú leis an Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe lena chinntiú go bhfuil na socruithe riachtanacha i bhfeidhm chun soláthar leanúnach seirbhíse a chinntiú.

## 5. Dátaí Éifeachtacha & Athbhreithniú

Tá an Comhaontú seo bailí ón 18/02/2013 agus beidh sé bailí go dtí go bhfógrófar a mhalairt. Ba chóir an Comhaontú seo a athbhreithniú go tréimhsiúil, agus tá RCPA freagrach as nósanna imeachta athbhreithnithe a eagrú agus a éascú. Áireofar ar an athbhreithniú sin scrúdú ar na hacmhainní is gá chun tacú le soláthar seirbhísí. Is féidir ábhar an doiciméid a leasú de réir mar is gá, chomh fada is go bhfaighfear comhaontú frithpháirteach ón dá Roinn. Déanfaidh RCPA gach leasú ina dhiaidh sin a ionchorprú agus gheobhaidh sí comhaontú / faomhadh frithpháirteach de réir mar is gá.

## 6. Síniú

**Síniú** ________________________________ **Dáta**______________________

Don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

**Síniú** ________________________________ **Dáta**______________________

Don Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta